



Úsáid Uisce a Iniúchadh

Bileog
Gníomhaíochta
02

Cá Mhéad Uisce a Úsáidtear?








- Má tá méadar uisce agat sa scoil, faigh amach cá bhfuil sé agus taifead na léamha i dtús gach lae agus i ndeireadh gach lae (b'fhéidir go mbeadh duine fásta in ann sin a dhéanamh duit).
- Taifead na léamha laethúla ar thábla agus breac graf. An bhfuil an úsáid uisce mar an gcéanna gach lá? An féidir leat aon laghdú nó aon mhéadú suntasach a mhíniú?
- An bhfuil tú ag úsáid uisce ag an deireadh seachtaine? Má tá, an bhfuil a fhios agat cén fáth?
- Mura bhfuil méadar uisce ann, is féidir leat an t-eolas ó **Bhileog Gníomhaíochta 01** a úsáid chun a mheas cá mhéad uisce a úsáideann an scoil.

Cá bhfuil an t-uisce á Úsáid?

- Déan iarracht greim a fháil ar léarscáil scoile (mura féidir, is féidir leat léaráid gharbh a tharraingt).
- Cuir ponc ar na seomraí sa léaráid go léir ina bhfuil an t-uisce á úsáid.
- Gabh chuig gach áit mharcáilte agus comhair líon na nithe a úsáideann uisce.
- Maidir le gach suíomh, bain úsáid as an tábla chun líon na nithe úsáidte uisce a thaifeadh.
- Breac síos cá bhfuil aon bhraonta anuas.
- Faigh amach ráta sreafa an uisce amach as an sconná (bain úsáid as an gcur chuige céanna mar atá i **mBileog Gníomhaíochta 01**).
- Faigh amach cá huair a cuireadh na leithris isteach. Más rud é gur cuireadh isteach roimh an mbliain 1999 iad, is dóigh go mbeidh toirt an tsistéil 9 lítear. Más rud é gur cuireadh isteach ina dhiaidh sin é, is dóigh go mbeidh toirt an tsistéil 6 lítear.
- Má tá fualáin ann, faigh amach cén chaoi a ndéantar iad a shruthlú.
- Breac síos aon ghaires coigilte uisce, *m.sh. gairis dláithriúchán uisce (Málaí Hippo) i sistéal an leithris, sá-sconnáí, spré-sconnáí, braiteoirí gluaiseachta sna fualáin, leithris déshruthlaithe srl.*
- Bain úsáid as an gcolún 'Eile' chun aon nithe a úsáideann uisce a thaifeadh coigilte uisce eile a thaifeadh a gheobhaidh tú.
- Scríobh síos fadhbanna ar bith a bhuaileann leat agus aon fhuascailtí a thig leat a chur i bhfeidhm (amharc ar **Bhileog Gníomhaíochta 04** le teacht ar roinnt smaointe). Tabhair an fhreagracht do dhuine éigin as gach aon fhuascailt a thabhairt chun críche.

Suíomh:



Gaireas Coigilte Úisce	Sconnaí Teo-Úisce	Sconnaí Fuarúisce	Leithris Sruthlaithe	Fualáin	Cithhólcadáin	Eile
Líon Acu 						
Braon Anuas Tá/Níl <i>Ná fá, sonraigh an líon acu</i> 						
Róta Sreafa (Lítear in Aghaidh an Nóiméid) <i>nó más sá-sconnaí iad, an méid lítear in aghaidh a n-úsáide</i> 						
Toirt an tSistéil (l.) 						
Gairis Choigilte Úisce (Tá/Níl) <i>Ná fá siad ann, fabhair sonraí</i> 						
Fadhbanna 						
Fuascalí a Thig Leat a Chur i gCrích 						
Freagracht 